



# **Beartas Sláinte & Sábháilteachta**

## **Gaelcholáiste Chomáin**

**Arna Athbhreithniú Eanáir 2020 & Meán Fómhair 2020**

**Glactha ag an mBord Bainistíochta ar an 2/12/2020**

### **Clár na nÁbhar**

#### **1. Freagrachtaí**

- 1.1. Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta
- 1.2. Freagrachtaí an Phríomhoide mar Oifigeach Sábháilteachta
- 1.3. Freagrachtaí an Phríomhoide Thánaistigh
- 1.4. Freagrachtaí an Mhaoir Dóiteáin
- 1.5. Freagrachtaí an Choiste Sábháilteachta
- 1.6. Freagrachtaí na Múinteoirí
- 1.7. Freagrachtaí na Maoirseoirí
- 1.8. Freagrachtaí na Foirne Riaracháin
- 1.9. Freagrachtaí an Fheighlí
- 1.10. Freagrachtaí na Foirne Glantacháin
- 1.11. Freagrachtaí na bhFostaithe Sealadacha
- 1.12. Freagrachtaí na nGarchabhróirí
- 1.13. Freagrachtaí na gConraitheoirí agus na bhFochonraitheoirí

#### **2. Ionadaí Sábháilteachta**

#### **3. Dualgas na Foirne ar Fad**

#### **4. Contúirtí (Féach Aguisín 1)**

#### **5. Oiliúint Sábháilteachta**

#### **6. Leas na Foirne**

#### **7. Garchabhair (Féach Aguisín 2)**

#### **8. Eolas Ginearálta**

- 8.1. Dóiteán
- 8.2. Caitheamh Tobac
- 8.3. Nósanna Imeachta um Thuairisciú ar Thimpiste/Teagmhas
- 8.4. Spórt (Féach Aguisín 3)
- 8.5. Cuirteoirí chun na Scoile

8.6. Iompar (Féach Aguisín 5)

## **9. Nósanna Imeachta don Oibrí Aonair**

### **10. Tátal**

### **11. Dearbhú**

### **12. Aguisíní**

12.1. Aguisín 1 - Contúirtí

12.2. Aguisín 2 - Garchabhair

12.3. Aguisín 3 - Prótacail Spóirt

12.4. Aguisín 4 - Cógas Ordaithe a Thabhairt

12.5. Aguisín 5 - Iompar

12.6. Aguisín 6 - Prótacal maidir le Freagairt Éigeandála

12.7. Aguisín 7 – Giorrúcháin agus Acrainmneacha

## **1. Freagrachtaí**

### **1.1. Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta**

Aithníonn agus glacann an Bord na freagrachtaí reachtúla agus na hoibleagáidí atá aige mar fhostóir chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí, dalta agus cuairteora a stiúradh, a bhainistiú agus a bhaint amach, a oiread agus is féidir go réasúnta. Tá an beartas seo ceaptha freastal ar gach duine go cothrom agus ní dhéantar idirdhealú ann ar bhonn creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, stádas pósta ná aois. Beidh an Bord freagrach as a chinntiú go soláthraítear dóthain acmhainní airgeadais agus fisiciúla chun déileáil go leordhóthanach le ceisteanna i dtaca leis an tsláinte cheirde agus an tsábháilteacht de réir mar a thagann siad aníos. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an mBord saincheisteanna a athbhreithniú i rith na bliana de réir mar is gá, nó d'fhéadfadh go n-iarrfaí an Bord amhlaidh freisin.

### **1.2. Freagrachtaí an Phríomhoide mar Oifigeach Sábháilteachta**

Tá freagracht feidhmiúcháin ag an bPríomhoide as bainistiú agus comhordú laethúil na gcúrsaí uile maidir le sláinte cheirde agus sábháilteacht sa scoil de réir an bheartais sláinte agus sábháilteachta atá comhaontaithe ag an mBord. Tá an Príomhoide freagrach as an méid seo a leanas:

- Obair i gcomhpháirt leis an mBord ar cheisteanna beartais agus ar aon fhadhbanna i dtaca leis an mbeartas sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm.
- Tuairisciú reachtúil timpistí a dhéanamh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- A chinntiú, i gcás aon cheisteanna maidir le contúirtí féideartha a thugann an fhoireann le fios, go ndéileálfar leo mar is cuí chun fáil réidh leis an gcontúirt ná í a laghdú chuig leibhéal sásúil.
- A chinntiú go gcuirfear beartais chosanta i bhfeidhm aon uair a fhostófar conraitheoirí seachtracha.
- A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach ball foirne ar an Ráiteas Sábháilteachta.
- Faisnéis a sholáthar le haghaidh sábháilteacht fostaithe nua; an Ráiteas Sábháilteachta a chur ar a súile dóibh, mar aon leis na freagrachtaí atá acu i leith a bhfostóra.
- A chinntiú go bhfuil a fhios ag gach ball foirne gur gá Foirm Tuairisc ar Thimpiste a chomhlánú le haghaidh gach timpiste, agus go ndéantar imscrúdú ar gach timpiste.

### **1.3. Freagrachtaí an Phríomhoide Thánaistigh**

- Coinneáil suas chun dáta leis na dualgais atá ag an scoil agus ag a fostaithe de réir na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta, agus an Príomhoide a chur ar an eolas, ós é nó í an tOifigeach Sábháilteachta, faoi aon athruithe ar an reachtaíocht sin.
- A chinntiú go ndéanfar an Ráiteas Sábháilteachta a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.
- A chinntiú go gcloífead le cleachtais stuama shábháilte oibre i gcónaí.

- Uainchlár foirne a chruthú le haghaidh mhaoirsiú na ndaltaí lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte.
- Cúrsaí inseirbhíse foirne maidir le sláinte agus sábháilteacht a eagrú mar is cuí.

#### **1.4. Freagrachtaí an Mhaoir Dóiteáin**

- A chinntiú go leanfar an Beartas um Shábháilteacht Dóiteáin i gcónaí, lena n-áirítear druileanna dóiteáin rialta a bheith ann, chomh maith le hathbhreithniú ar gach druil agus na nósanna imeachta aslonnaithe bainteacha.

Aon fhadhbanna sa réimse seo, ba cheart iad a chur ar a shúile don Phríomhoide, atá mar Oifigeach Sábháilteachta.

- An fhoireann a chur ar an eolas faoi na prótacail maidir le druileanna dóiteáin.
- Na prótacail maidir le druileanna dóiteáin a thabhairt le fios do na daltaí uile.
- Córas a cheapadh agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfear cuairteoirí agus conraitheoirí ar an eolas faoin mBeartas um Shábháilteacht Dóiteáin.
- Próiseas aslonnaithe agus dearbhaithe a cheapadh le haghaidh cuairteoirí agus conraitheoirí.
- Tuairisciú don Phríomhoifigeach, mar an tOifigeach Sábháilteachta, maidir le druileanna dóiteáin sa scoil.
- Gach teagmhas/timpiste a thairfeadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

#### **1.5. Freagrachtaí an Choiste Sábháilteachta**

Is iad ionadaithe as measc na múinteoirí agus na foirne cúnata atá ar an gCoiste Sábháilteachta. Tá an Coiste freagrach as:

- Cúrsaí sábháilteachta sa scoil a phlé leis an bPríomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach agus comhairle a chur orthu.
- Gach gné den tsábháilteacht agus den tsláinte sa láthair oibre a mhonatóiriú.
- A chinntiú go gcuirfear an Beartas Sábháilteachta i bhfeidhm.
- Bualadh le cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, más gá, nuair a thagann siad ar cuairt chun na scoile.
- Moltaí a thabhairt maidir le leasuithe ar an Ráiteas Sábháilteachta.

#### **1.6. Freagrachtaí na Múinteoirí**

Tá na múinteoirí freagrach as bainistiú laethúil na sláinte agus na sábháilteachta sa seomra ranga agus i limistéir eile na scoile. Áirítear le freagrachtaí na múinteoirí:

- Spéis i gceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus díograis maidir leo a chur chun cinn.
- Aire a thabhairt dá sláinte/sábháilteacht agus dá leas féin, agus do shláinte/sábháilteacht agus leas aon duine eile a bhféadfadh a ngníomhartha nó a n-easnamh dul i gcion air ná uirthi sa láthair oibre.
- A chinntiú go gcoinnítear timpeallachtaí oibre glan, néata agus sábháilte.

- Iniúchtaí rialta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil dea-bhail ar an seomra ranga/limistéar oibre ó thaobh na sláinte, na sábháilteachta agus an leasa de, agus an t-eolas sin a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoide.
- Aon fhabhtanna a thugann siad faoi deara i dtrealamh, sa láthair oibre nó sa chóras oibre a thuairisciú don Phríomhoide gan mhoill míréasúnta, más amhlaidh a bheadh na fabhtanna sin ina riosca do shláinte, sábháilteacht ná leas daoine.
- A chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán agus a luaithe agus is féidir go réasúnta, aon bhearta a raibh gá leo de réir na measúnachtaí riosca.
- Na rialacha iompair a fhorfheidhmiú mar atá sonraithe i gCód Iompair na scoile.
- Teagmhais/timpistí a tharlaíonn ina réimse féin a imscrúdú, a thaifeadh agus a thuairisciú mar atá sonraithe i nós imeachta na scoile um Thuairisc ar Theagmhas.
- A chinntiú go dtabharfar garchabhair ná cóir leighis mar is gá do dhaltaí a raibh timpiste acu.
- Na daltaí a mhaoirsiú, a theagasc, a chur ar an eolas agus a oiliúint go leordhóthanach le go gcuirfí ar a gcumas páirt a ghlacadh go sábháilte i gníomhaíochtaí scoile.
- Éadaí/trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh mar is cuí, agus a chinntiú go bhfuil amhlaidh á dhéanamh ag na daltaí freisin nuair a theastaíonn sin.
- Páirt iomlán ghníomhach a ghlacadh in aon oiliúint sábháilteachta a eagraítear sa scoil.
- A bheith páirteach go gníomhach sna druileanna dóiteáin uile agus prótacail a chur i bhfeidhm a bhfuil comhaontú iomlán ann ina leith.
- Gach teagmhas/timpiste a thaifeadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

### **1.7. Freagrachtaí na Maoirseoirí**

Aon mhúinteoirí ná baill foirne eile a bhíonn ag maoirsiú, tá siad freagrach as na daltaí sula dtosaíonn an scoil, i rith sosanna agus tar éis na scoile. Áirítear le freagrachtaí na maoirseoirí na cinn seo a leanas:

- A bheith réamhghníomhach agus iad ag maoirsiú, ag brath ar na gníomhaíochtaí atá ar siúl ag na daltaí agus ar aois agus aibíocht na ndaltaí.
- Na rialacha iompair a fhorfheidhmiú atá sonraithe i gCód Iompair na scoile.
- A chinntiú nach dtéann daltaí isteach i limistéir nach bhfuil cead isteach iontu ag amanna lae áirithe.
- Teagmhais/timpistí a tharlaíonn ina réimse féin a imscrúdú, a thaifeadh agus a thuairisciú mar atá sonraithe sa nós imeachta um Thuairisciú ar Theagmhais sa Scoil.
- A chinntiú go dtabharfar garchabhair ná cóir leighis mar is gá do dhaltaí a raibh timpiste acu.
- Cúrsaí a choinneáil in ord laistigh agus lasmuigh d'áitreabh na scoile.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i ndrúileanna sábháilteachta dóiteáin.
- Gach teagmhas/timpiste a thaifeadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

### **1.8. Freagrachtaí na Foirne Riaracháin**

Áirítear le freagrachtaí na foirne riaracháin na cinn seo a leanas:

- Páirt ghníomhach a ghlacadh i ndrúileanna sábháilteachta dóiteáin.
- Iniúchtaí rialta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an oifig sásúil ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de.
- Aon fhabhtanna maidir le trealamh oifige a thuairisciú a luaithe agus is féidir.

- Liosta uimhreacha gutháin éigeandála a choinneáil.
- Aire réasúnta a thabhairt dá sláinte, sábháilteacht agus leas féin, agus do shláinte, sábháilteacht agus leas aon duine eile a bhféadfadh a ngníomhartha/easnamh dul i gcion air ná uirthi sa láthair oibre.
- Gach teagmhas/timpiste a thaifeadadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

### **1.9. Freagrachtaí an Fheighlí**

Tá na feighlithe freagrach as cúram agus cothabháil ghinearálta na scoile.

Áirítear leis na dualgas sin:

- Aire réasúnta a thabhairt dá sláinte, sábháilteacht agus leas féin, agus do shláinte, sábháilteacht agus leas aon duine eile a bhféadfadh a ngníomhartha nó a n-easnamh dul i gcion air ná uirthi sa láthair oibre.
- Iniúchtaí rialta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil fearann agus foirgnimh na scoile lasmuigh agus laistigh sásúil ó thaobh sláinte, sábháilteachta agus leasa de.
- Ba cheart torthaí na n-iniúchtaí sin a chur faoi bhráid an Phríomhoide a luaithe agus is féidir tar éis an iniúchta.
- Aon fhabhtanna a thugann siad faoi deara i dtrealamh, sa láthair oibre nó sa chóras oibre a thuairisciú don Phríomhoide gan mhoill mhírreasúnta, más amhlaidh a bheadh na fabhtanna sin ina riosca do shláinte, sábháilteacht ná leas daoine.
- Leas cuí a bhaint as innealra, fearas, uirlisí, substaintí contúirteacha ná aon trealamh eile.
- Aon ghléasanna, éadaí cosanta, trealamh, nó áiseanna cuí eile a soláthraíodh chun sláinte, sábháilteacht nó leas daoine a chinntiú, ba cheart iad a úsáid chun na gcríoch sin agus gan iad a mhí-úsáid.
- A bheith ar an eolas go hiomlán faoi na treoracha oibriúcháin sula mbaintear leas as innealra ná trealamh cumhachta.
- A chinntiú nach bhfuil rochtain ag aon duine ar limistéir dhainséaracha nó ar limistéir ina bhfuil obair chontúirteach ar siúl.
- Carnadh bruscair a chosc, go háirithe ábhar indóite.
- Cothabháil cheart troscáin, trealamh agus na timpeallachta oibre sa scoil a chinntiú.
- Fáil réidh le troscán agus trealamh fabhtach nach féidir a dheisiú.
- Gan tabhairt faoi aon tascanna nach bhfuil ar a gcumas nó nach bhfuil cead acu a dhéanamh, nó a bhfuil riosca thar na bearta ag baint leo.
- Páirt iomlán ghníomhach a ghlacadh in aon oiliúint sábháilteachta a eagraítear, a éascaítear nó a mholtar sa scoil.
- Gach réimse den oiliúint sábháilteachta a chur i bhfeidhm.
- Gníomhaíochtaí a thuairisciú don Phríomhoide, a d'fhéadfadh sláinte, sábháilteacht ná leas aon duine sa phobal scoile, aon chuariteoir nó aon chonraitheoir a chur i mbaol.
- Gach teagmhas/timpiste a thaifeadadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

### **1.10. Freagrachtaí na Foirne Glantacháin**

Is iad an fhoireann glantacháin atá freagrach as glaineacht agus sláinteachas ginearálta na scoile.

I gcomhthéacs na sláinte agus na sábháilteachta, tá freagrachtaí ar leith acu maidir leis an méid seo a leanas:

- Aire réasúnta a thabhairt dá sláinte, sábháilteacht agus leas féin, agus do shláinte, sábháilteacht agus leas aon duine eile a bhféadfadh a ngníomhartha nó a n-easnamh dul i gcion air ná uirthi sa láthair oibre.
- Comhoibriú leis an bPríomhoide, an Feighlí agus aon duine eile sa mhéid go gcuirfidh sin ar chumas an Phríomhoide nó duine inniúil ar bith eile aon cheann de na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh.
- Aon fhabhtanna a thugann siad faoi deara i dtrealamh, sa láthair oibre nó sa chóras oibre a thuairisciú don Phríomhoide gan mhoill mhírreasúnta, más amhlaidh a bheadh na fabhtanna sin ina riosca do shláinte, sábháilteacht ná leas daoine.
- A bheith ar an eolas faoi na prótacail maidir le druileanna dóiteáin.
- Comharthaí oiriúnacha a úsáid agus iad i mbun glantacháin nó i gcás gur doirteadh rud éigin nó go bhfuil rud éigin dainséarach ann.
- Gach teagmhas/timpiste a thairfeadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

### **1.11. Freagrachtaí na bhFostaithe Sealadacha**

Aon oibríthe sealadacha atá fostaithe go díreach ag Gaelcholáiste Chomáin, is cuma cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Conradh téarma sheasta acu, áirítear iad go ginearálta mar fhostaithe ó thaobh sláinte, sábháilteachta agus leasa de. Glacfaidh siad orthu féin na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann lena ról, mar atá sonraithe sna codanna thuas.

### **1.12. Freagrachtaí na nGarchabhróirí**

Is iad seo a leanas freagrachtaí na ngarchabhróirí ceirde:

- Páirt a ghlacadh in oiliúint teastais agus athnuachana nuair a chuirtear ar fáil í.
- Áit ar gá, cóireáil gharchabhrach a chur láithreach ar aon fhostaí, dalta, conraitheoir nó cuairteoir de réir a gcuid eolais nó oiliúna.
- Iniúchtaí rialta a chur i bhfeidhm agus ceannas a ghlacadh ar sholáthairtí garchabhrach agus trealamh, lena n-áirítear dífhibrileoirí.

### **1.13. Freagrachtaí na gConraitheoirí agus na bhFochonraitheoirí**

Tá na freagrachtaí seo a leanas ag na conraitheoirí agus fochonraitheoirí uile:

- A chinntiú go gcomhlíonfaidh a bhfostaithe uile rialacha agus nósanna imeachta Ghaelcholáiste Chomáin i dtaca le sábháilteacht.
- Gan fostaithe nó daltaí Ghaelcholáiste Chomáin a chur i mbaol.
- Aon timpistí/teagmhais a thuairisciú láithreach don Phríomhoide, atá mar Oifigeach Sábháilteachta.
- A ráiteas sábháilteachta a chur faoi bhráid an Phríomhoide nuair a iarrtar é agus roimh thús a chur leis an obair.
- Clúdach árachais cuí a bheith i bhfeidhm.
- An réamhchúram sábháilteachta cuí a dhéanamh maidir le córais oibre, trealamh, cosaint phearsanta srl.

- A chinntiú, i gcás aon trealamh nó uirlisí a thugtar isteach in áitreabh na scoile, go n-oibríonn siad i gceart agus go gcomhlíonann siad na riachtanais reachtúla a bhaineann leis na huirlisí agus an trealamh sin.
- Tródam a chur ar oibríochtaí an chonraitheora, áit ar féidir, agus iad a mharcáil le comharthaí rabhaidh.
- Na hoibleagáidí dlíthiúla ábhartha uile a chomhlíonadh, go háirithe forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006.

## 2. Ionadaí Sábháilteachta

Is féidir leis an Ionadaí Sábháilteachta dul chun cainte leis an bPríomhoide, atá mar Oifigeach Sábháilteachta, agus moltaí a chur faoina b(h)ráid maidir le ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann leis na fostaithe ina láthair oibre. I gcomhair leis an mBord Bainistíochta, is gá don Phríomhoide machnamh a dhéanamh ar na moltaí sin agus feidhmiú dá réir más gá. Is é aidhm an chomhairliúcháin sin ná timpistí agus drochshláinte a chosc, díriú ar fhadhbanna agus réiteach a aimsiú le dul i ngleic leis na fadhbanna sin. Áirítear le feidhmeanna an Ionadaí Sábháilteachta:

Cigire de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a thionlacan agus é nó í ag déanamh iniúchadh faoi alt 64 d'Acht 2005 ar rud éigin seachas timpiste nó teagmhas contúirteach (cé go bhféadfadh iniúchadh ar a leithéid sin a bheith ceadaithe faoi rogha an chigire agus i gcás go n-iarrann an fostaí bainteach amhlaidh), agus a bheith i láthair nuair atá agallamh á chur ar fhostaí ag cigire mar gheall ar thimpiste nó teagmhas contúirteach a tharla ag an obair.

- Aighneachtaí ó bhéal nó i scríbhinn a chur faoi bhráid cigirí de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le hiniúchadh timpistí ná teagmhas contúirteach.
- Comhairle a fháil ó chigirí de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas sa láthair oibre.

Ceapfar Ionadaí Sábháilteachta ag tús gach bliana nó pé uair a mheasann Bainistíocht na Scoile go bhfuil sin riachtanach.

## 3. Dualgas na Foirne ar Fad

- Ní ceart go mbeadh aon bhall foirne sa scoil faoi thionchar ábhair mheisciúil.
- Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne, má iarrann a f(h)ostóir amhlaidh go réasúnta, dul faoi thástáil réasúnta chuí le haghaidh ábhar meisciúil, agus an tástáil sin a bheith curtha i bhfeidhm ag liachleachtóir cláraithe, nó faoi mhaoirseacht liachleachtóra chláraithe, ar duine inniúil é nó í mar atá sonraithe.

## 4. Contúirtí (Féach Aguisín 1)

Mar thoradh ar athbhreithniú mionsonraithe ar áitreabh na scoile, táthar tar éis roinnt mhaith contúirtí a shainaithint. Tá siad sin liostaithe in Aguisín 1 leis an ráiteas seo, in éineacht le nósanna imeachta chun déileáil leo, áit ar gá.



## 5. Oiliúint Sábháilteachta

Maidir leis na fostaithe uile:

- Cuirfear cineál agus suíomh an trealaimh dóiteáin ar a súile dóibh, agus míneofar dóibh conas é a oibriú.
- Tabharfar na nósanna imeachta maidir le haslonnú le fios dóibh.
- Cuirfear ar an eolas iad faoi aon athruithe ar na nósanna imeachta maidir le sábháilteacht.
- Táirgfear oiliúint gharchabhrach dóibh.

## 6. Leas na Foirne

- Tá áiseanna leithris agus seomra foirne curtha ar fáil, agus ní mór d'fhostaithe a gcion féin a dhéanamh chun ardchaighdeán sláinteachais a chinntiú sna limistéir sin.
- Daoine atá faoi chúram leighis nó a bhfuil cógas ordaithe á thógáil acu agus a bhfuil teastas faighte acu le léiriú gur féidir leo obair, ba cheart dóibh an Príomhoide a chur ar an eolas faoi aon iarmhairtí aitheanta nó éagumas coirp sealadach a d'fhéadfadh cur isteach ar a bhfeidhmíocht oibre, agus a d'fhéadfadh a bheith ina riosca dóibh féin, dá gcomhghleacaithe nó do na daltaí. Socróidh nó sannfaidh an Príomhoide tascanna cuí do dhaoine mar sin idir an dá linn.
- Tuigtear go bhféadfadh baill foirne a bheith faoi strus ó am go chéile toisc na hoibre. Is é ár n-aidhm ná a bheith réamhghníomhach maidir leis na foinsí struis a laghdú/a bhainistiú. Baill foirne a mbíonn
  - údair struis acu ag an obair, spreagtar iad chun cabhair a lorg ó bhainistíocht na scoile, a d'fhéadfadh iad a threorú ansin chuig Call Care, an tSeirbhís Sláinte Ceirde, Medmark.
- I mbeartas Ghaelcholáiste Chomáin, Dínit sa Láthair Oibre, sonraítear na nósanna imeachta atá le leanúint ag aon duine sa phobal scoile a bhfuil fadhbanna aige ná aici maidir le gnéaschiapadh, ciapadh ná bulaíocht.
- Tá an scoil seo tiomanta do shláinte atáirgthe gach fostaí a chosaint. Is gá go ndéanfadh fostaí torrach teagmháil le bainistíocht na scoile chun iad a chur ar an eolas faoin toircheas a luaithe agus is féidir.

## 7. Garchabhair (Féach Aguisín 2)

Tá garchabhair ar fáil sna limistéir seo a leanas:

- Oifig an Rúnaí
- An Seomra Eacnamaíocht Bhaile
- An tSaotharlann Eolaíochta
- An Seomra Ealaíne
- An Seomra Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)
- An Seomra Teicneolaíocht Ábhar (Miotal)

Daltaí atá tinn, ní mór dóibh dul chun cainte láithreach leis an bPríomhoide nó an Príomhoide Tánaisteach nó an

Teagascóir Ranga ábhartha. Faoi réir cead ó dhuine de na daoine sin, ba cheart dóibh dul i dteagmháil lena dtuismitheoirí trí oifig an Rúnaí sula bhfágann siad áitreabh na scoile. Ba cheart dóibh síniú amach freisin más ag dul abhaile de bharr tinnis atá siad. Ní ceart aon chógas a thabhairt do dhalta ach amháin faoi réir comhairle liachleachtóra nó má fuarthas cead roimh ré ó na Tuismitheoirí/Caomhnóirí. Má ghortaíonn dalta é ná í féin, ba cheart é ná í a thabhairt chuig

Oifig an Rúnaí. Má tá an dalta ag cur fola, ba cheart lámhainní cosanta a chaitheamh le linn do gharchabhair a bheith á thabhairt dó ná di. Más gá, is féidir an dalta a thabhairt chuig láthair níos príobháidí le gur féidir an gortú a chóireáil. Má cheaptar gur gá, d'fhéadfadh go ndéanfaí teagmháil leis na Tuismitheoirí/Caomhnóirí, nó d'fhéadfadh go bhfaighfí cóir leighis má mheastar gur gá sin. Ba cheart sonraí faoin ngortú a thairfeadh ar an bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste.

## **8. Eolas Ginearálta**

### **8.1. Dóiteán**

#### Cosaint ar Dhóiteán

- Tá múchtóirí dóiteáin, spóil osáin agus pluideanna dóiteáin curtha ar fáil, agus iad suiteáilte mar is cuí le go gcomhlíonfaidís na riachtanais reachtúla agus árachais.
- Tá na bealaí éalaithe dóiteáin uile, chomh maith leis na cosáin nó bealaí amach éigeandála, marcáilte go soiléir.

#### Cosc

- Eagraítear druileanna dóiteáin ar bhonn rialta (ceann amháin in aghaidh an téarma).
- Cuirtear na daltaí ar an eolas faoi chosc dóiteáin
- Bíonn plé leis na húdaráis ábhartha de réir mar is gá.

#### Aslonnú

Tá nós imeachta maidir le haslonnú réitithe agus é ar taispeáint i ngach seomra ranga. Beidh druileanna aslonnaithe ar siúl dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad, nó níos minice más gá. Moltar d'fhostaithe dul i dtaithe ar na nósanna imeachta ionas gur féidir aslonnú go tapa éifeachtach ón áitreabh i gcás éigeandála. Féach ár bPlean Aslonnaithe Dóiteáin in Aguisín 9.

### **8.2. Caitheamh Tobac**

Ós rud é gur foirgneamh poiblí é Gaelcholáiste Chomáin, tá cosc ar an gcaitheamh de réir dlí, mar atá luaite inár mBeartas um Mí-úsáid Substaintí.

### **8.3. Níosann Imeachta um Thuairisciú ar Thimpistí/Teagmhais**

- Ní mór aon teagmhas a thuairisciú san Fhoirm Tuairisc ar Thimpiste, is cuma cé chomh mór ná chomh beag, agus is cuma cé acu an fostaithe, daltaí nó cuairteoirí atá i gceist. Is gá sin chun dul chun cinn na gcaighdeán sábháilteachta a mhonatóiriú agus chun a chinntiú go dtabharfar an cúram liachta cuí, áit ar gá. • Coinneofar Foirm Tuairisc ar Thimpiste in Oifig an Rúnaí chun gur féidir gach timpiste a thairfeadh.

- Má mheastar gur riachtanach/ábhartha, tabharfar timpistí le fios d'árachóirí ar na foirmeacha cuí.

#### **8.4. Spórt**

- Tá sonraí in Aguisín 3 faoi na prótacail dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an spórt. Féach freisin ar ár mbeartas maidir le Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil.

#### **8.5. Cuairteoirí ar an Scoil**

- Ba cheart do thuismitheoirí agus chuairoteoirí dul chuig Fáiltiú na Scoile i dtús báire.
- Ní féidir le conraitheoirí aon obair a dhéanamh i láthair na scoile ach amháin má tá cead faighte acu roimhe ré ón bPríomhoide nó a g(h)níomhaire, seachas i gcás éigeandála, m.sh. dóiteán, tuilte, nó más gá an láthair a dhéanamh sábháilte tar éis gadaíochta/loitiméireachta.
- Tá conraitheoirí freagrach as sláinte agus sábháilteacht a bhfostaithe agus as a chinntiú go bhfuil cleachtais oibre shábháilte acu nach gcuirfidh an fhoireann, na daltaí nó cuairteoirí chun na scoile i mbaol.
- Páirtithe a fhaigheann an scoil ar cíós, is gá dóibh trealamh na scoile a úsáid i gceart agus leas a bhaint as an trealamh sábháilteachta cuí. Is gá dóibh freisin a n-árachas féin a bheith acu agus cóip de sin a chur ar fáil don scoil.

#### **8.6. Iompar**

Tá na prótacail don iompar sonraithe inár mbeartas maidir le Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil

### **9. Nósanna Imeachta don Oibrí Aonair**

Tá an Bord tiomanta do chinntiú go mbeidh timpeallacht oibre shábháilte ann don fhoireann, d'oibríthe deonacha agus do chonraitheoirí. Tuigtear go mbeidh ar mhúinteoirí nó ar an bhfoireann tacaíochta, riaracháin nó glantacháin obair ó am go chéile ina n-aonair nó i dtimpeallachtaí ina bhfuil siad scoite amach ó dhaoine, nó go roghnóidís amhlaidh a dhéanamh. Dá bharr sin, áfach, d'fheadfadh go mbeadh rioscaí ag baint le gníomhaíocht oibre nach bhfuil aon riosca ag baint léi de ghnáth.

#### Nós Imeachta:

- Is gá do bhaill foirne cead a fháil ón bPríomhoide chun obair leo féin san fhoirgneamh lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre.
- Sula gceadaítear obair aonarach, cuirfear taithí agus oiliúint na foirne uile san áireamh, mar aon leis na gníomhaíochtaí atá le cur i bhfeidhm. Dar leis an bPríomhoide, ní mór go mbeadh daoine atá ag iarraidh obair ina n-aonair in ann freagairt i gceart d'éigeandáil. Áit ar cuí, moltar go n-oibreodh baill foirne i gcomhar le comhghleacaí.

- Ní ceart do bhaill foirne dul isteach in áitreabh na scoile más amhlaidh go bhfuil duine éigin tar éis briseadh isteach; sa chás sin, moltar dóibh dul i dteagmháil leis an bPríomhoide agus leis na Gardaí más gá.
- Ba cheart do bhaill foirne príomhdhoirse na scoile a chur faoi ghlas agus iad ag teacht isteach sa scoil agus ag imeacht ón scoil. Ní mór an t-aláram a chur i ngníomh roimh imeacht ón bhfoirgneamh.
- Ní cóir do bhaill foirne obair ina n-aonair má tá riocht sláinte acu a bhféadfadh éagumas nó neamhaireachtáil a bheith orthu dá bharr.
- Ba cheart go mbeadh fearas garchabhrach dá gcuid féin ag conraitheoirí le go mbeidís in ann déileáil le mionghortuithe.
- Ní ceart d'oibrithe aonaracha tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le láimhseáil airgid, obair in airde nó aon tasc a d'fhéadfadh a bheith contúirteach i bhfianaise a leibhéal taithí féin agus an cineál taisc atá ann.

## **10. Tatal**

Ullmhaíodh an Beartas Sláinte agus Sábháilteachta seo bunaithe ar na coinníollacha a bhí i réim i nGaelcholáiste Chomáin nuair a bhí sé á scríobh. Is féidir é a athrú, a leasú nó a nuashonrú de réir mar is gá chun aon athruithe ar na coinníollacha sin a léiriú.

## **11. Dearbhú**

Cruthaíodh Beartas seo Ghaelcholáiste Chomáin tar éis comhairliúchán leis an bhfoireann ar fad, le baill an Bhoird Bainistíochta, Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus Comhairle na nDaltaí. Moltar go ndéanfaí an beartas seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó aon uair a mheasann Bainistíocht na Scoile go bhfuil gá leis. Ghlac Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Chomáin leis ar an:

## **13. Aguisíní**

### **Aguisín 1 - Contúirtí**

#### **Seomra Eolaíochta**

##### Contúirt:

Déantar ceimiceáin chontúirteacha a stóráil sa seomra seo agus a úsáid le haghaidh turgnamh. Stóráiltear leachtanna inlasta ann agus úsáidtear iad i rith turgnamh. Baintear leas as dóirí Bunsen, teophlátaí, soláthairtí cumhachta, sainearraí gloine, gléasanna diosctha agus léasair i rith turgnamh. Bíonn sconnaí gáis agus soicéid leictreacha le fáil i seomraí eolaíochta chun turgnaimh a éascú.

##### Nósanna imeachta chun déileáil le contúirtí:

- Ní mór an Seomra Eolaíochta a bheith faoi ghlas ach amháin nuair atá sé in úsáid. Tá an múinteoir ábhartha freagrach as an seomra a chur faoi ghlas ag deireadh gach ranga.
- Nuair nach bhfuil an múinteoir ranga i láthair, ba cheart an rang sin a mhaoirsiú i suíomh éigin eile, áit ar féidir.
- Níl cead ag dalta fanacht i Seomra Eolaíochta gan múinteoir a bheith i láthair freisin.
- Is gá ceimiceáin a lipéadú agus a stóráil i gceart.
- Ní mór ceimiceáin atá as dáta a dhiúscairt ar bhealach cuí; is iad múinteoirí na rannóige ábhair sin a chaithfidh an diúscairt a eagrú agus ba cheart dóibh taifid chuí a choinneáil.
- Is gá do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon leas a bhaint as an trealamh sábháilteachta atá curtha ar fáil (is é sin, lámhainní, spéaclaí sábháilteachta).
- Tá comharthaí mionsonraithe ar taispeáint sa Seomra Eolaíochta maidir le conas é a úsáid i gceart.
- Ní mór earraí gloine briste a dhiúscairt ar an mbealach cuí.
- Aon daltaí a fhanann sa scoil tar éis na ngnáthuaireanta scoile, níl cead acu a bheith sa Seomra Eolaíochta ach amháin má d'iarr an múinteoir orthu a bheith ann nó má tá siad faoi mhaoirseacht múinteora.
- Níl cead ithe ná ól sa Seomra Eolaíochta.
- Coinnítear na stórtha ceimiceán faoi ghlas.
- Tá múchlanna ann chun úsáid shábháilte ceimiceán contúirteach a éascú.
- Sula dtugann na daltaí faoi obair ar thurgnaimh, cuirfear contúirtí ar leith agus contúirtí ginearálta ar a súile dóibh.
- Tá na bealaí amach sábháilteachta marcáilte go soiléir agus coinneofar gan bhac iad.
- Is féidir an gás agus an leictreachas a ghearradh i ngach Seomra Eolaíochta ach an príomhrialtán sa seomra a úsáid.
- Tá múchtóirí dóiteáin ar fáil.

- Tá Bosca Garchabhrach curtha ar fáil i ngach Seomra Eolaíochta, ina bhfuil greimlíni, ciarsúir steiriúla, súilfholcadh agus sprae le haghaidh dónna.
- Déantar timpistí a thuairisciú sa phríomhleabhar scoile ina gcoinnítear Foirmeacha Tuairisc ar Thimpiste.

## **An Seomra Eacnamaíocht Bhaile**

### Contúirt:

Cócaireacht agus ullmhú bia the a d'fhéadfadh a bheith caite nó doirte ar mhúinteoirí nó daltaí. Baol gearrthacha le linn do chomhábhair a bheith á n-ullmhú don chócaireacht. Is trí ghás agus leictreachas a oibrítear cócaireáin, agus teastaíonn nósanna imeachta sábháilteachta speisialta lena n-aghaidh.

### Nósanna imeachta chun déileáil le contúirtí

- Is gá don chistin a bheith faoi ghlas seachas nuair atá daoine inti. Tá an múinteoir ábhartha freagrach as an seomra a chur faoi ghlas ag deireadh an ranga.
- Níl cead ag daltaí dul isteach sa seomra ach amháin má tá múinteoir i láthair.
- Is gá do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon leas a bhaint as an trealamh sábháilteachta atá curtha ar fáil (m.sh. lámhainní).
- Ní mór an gás agus an leictreachas uile a ghearradh ag an bpríomhrialtán.
- Tá greimlíni agus ciarsúir steiriúla ar fáil sa Bhosca Garchabhrach.
- Tá mapa sa seomra freisin chun doirteadh a ghlanadh.
- I gcás mion-dónna, tá sprae le haghaidh dónna ar fáil sa Bhosca Garchabhrach. Ba cheart cóir leighis a fháil más teagmhas tromchúiseach atá i gceist.
- Tá dhá mhúchtóir dóiteáin le fáil laistigh den seomra ranga. Is ann freisin do dhá phluid dóiteáin.
- Tá póstaer ar crochadh sa chistin ina ndírítear aird ar na nósanna imeachta sábháilteachta.
- Léirítear an bealach éalaithe ó dhóiteán go soiléir i ngach cistin.
- Má tá aon ghléas leictreach ná píosa trealaimh nach bhfuil riocht sábháilte air, is gá é sin a thuairisciú láithreach don údarás cuí.
- Nuair nach bhfuil an múinteoir ranga i láthair, ba cheart an rang sin a mhaoirsiú i suíomh éigin eile, áit ar féidir.
- Aon daltaí a fhanann sa scoil tar éis na ngnáthuaireanta scoile, níl cead acu a bheith sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile ach amháin má d'iarr an múinteoir orthu a bheith ann nó má tá siad faoi mhaoirseacht múinteora.

### Contúirt:

Tá na snáthaidí géara sna hinnill fuála ina riosca don tsábháilteacht.

### Nósanna imeachta chun déileáil le contúirtí:

- Tá Bosca Garchabhrach ar fáil.
- Is gá na gléasanna leictreacha ar fad a chasadh as ag deireadh gach ranga.
- Níl cead ag daltaí aon trealamh a úsáid (m.sh. innill fuála, siosúir srl.) ach amháin faoi mhaoirseacht mhúinteoir an ranga.

## **Limistéar Ilúsáide Cluichí Nósanna imeachta**

### chun déileáil le contúirtí:

- Ní ceart go n-úsáidfí aon trealamh ach amháin faoi mhaoirseacht múinteora cháilithe.
- Má tá trealamh fabhtach ann, is gá é sin a rá leis an múinteoir láithreach.
- Ní foláir éadaí agus bróga cuí a chaitheamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile.
- Tá Bosca Garchabhrach ar fáil in Oifig an Rúnaí i gcás mionghortuithe.
- Má tharlaíonn gortú tromchúiseach, ba cheart cóir leighis a fháil.

## **An Seomra Staidéar Foirgníochta**

### Nósanna imeachta chun déileáil le contúirtí

- Is gá an Seomra Staidéar Foirgníochta a bheith faoi ghlas nuair nach bhfuil sé in úsáid. Tá an múinteoir ábhartha freagrach as an seomra a chur faoi ghlas ag deireadh gach ranga.
- Nuair nach bhfuil an múinteoir ranga i láthair, ba cheart an rang sin a mhaoirsiú i suíomh éigin eile, áit ar féidir.
- Ní ceart na hinnill a úsáid ach amháin faoi mhaoirseacht agus faoi threoir an mhúinteora ranga.
- Nuair a théann na daltaí isteach sa seomra den chéad uair, míneofar na rialacha dóibh. Ansin sannfar binse dóibh agus úsáidfídh siad é sin fad a bheidh siad sa cheardlann.
- Baintear leas as comharthaí chun an dea-chleachtas a neartú.
- Má tá trealamh fabhtach nó trealamh as ord ann, is gá é sin a rá leis an múinteoir láithreach.
- Ní ceart málaí scoile a fhágáil i gcóngar inneall mar go bhfuil baol ann go mbainfí tuisle as dalta.
- Níl cead ag daltaí dul isteach sa seomra ach amháin má tá múinteoir i láthair.
- Is gá do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon leas a bhaint as an trealamh sábháilteachta cuí (m.sh. spéaclaí sábháilteachta)
- Aon daltaí a fhanann sa scoil tar éis na ngnáthuaireanta scoile, níl cead acu a bheith sa Seomra Staidéar Foirgníochta ach amháin má d'iarr an múinteoir orthu a bheith ann nó má tá siad faoi mhaoirseacht múinteora.

### Is gá do gach dalta cloí le rialacha na ceardlainne:

- Cúirtéis agus meas a léiriú do na daltaí eile i gcónaí.
- Na huirlisí láimhe a úsáid i gceart.
- Gan a bheith ag rith sa cheardlann.
- An cheardlann a choinneáil glan.
- Gloiní cosanta a chaitheamh le linn do na hinnill a bheith in úsáid chun na súile a chosaint.

- Gan inneall a úsáid mura bhfuiltear tar éis a thaispeáint duit conas é a úsáid nó mura bhfuil cead agat é a úsáid.
- A bheith ar an eolas faoi shuíomh an bhealaigh éalaithe.
- A bheith ar an eolas faoi shuíomh na múchtóirí dóiteáin.
- Masc a chaitheamh nuair a bhíonn trealamh in úsáid a mbíonn múch á hastú aige.
- Seiceáil go bhfuil sé sábháilte, na huirlisí a úsáid.
- Gruaig fhada a cheangal siar.
- Gan ach duine amháin a bheith ag gach inneall.
- Géilleadh do threoracha uile an mhúinteora.
- A chinntiú nach bhfuil éadaí scaoilte á gcaitheamh.

## **An Seomra Innealtóireachta**

### Nósanna imeachta chun déileáil le contúirtí

- Is gá an Seomra Innealtóireachta a bheith faoi ghlas nuair nach bhfuil sé in úsáid. Tá an múinteoir ábhartha freagrach as an seomra a chur faoi ghlas ag deireadh gach ranga.
- Nuair nach bhfuil an múinteoir ranga i láthair, ba cheart an rang sin a mhaoirsiú i suíomh éigin eile, áit ar féidir
- Ní ceart na hinnill a úsáid ach amháin faoi mhaoirseacht agus faoi threoir an mhúinteora ranga.
- Nuair a théann na daltaí isteach sa seomra den chéad uair, míneofar na rialacha dóibh. Ansin sannfar binse dóibh agus úsáidfidh siad é sin fad a bheidh siad sa cheardlann.
- Baintear leas as comharthaí chun an dea-chleachtas a neartú.
- Má tá trealamh fabhtach nó trealamh as ord ann, is gá é sin a rá leis an múinteoir láithreach.
- Ní ceart málaí scoile a fhágáil i gcóngar inneall mar go bhfuil baol ann go mbainfí tuisle as dalta.
- Níl cead ag daltaí dul isteach sa seomra ach amháin má tá múinteoir i láthair.
- Is gá do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon leas a bhaint as an trealamh sábháilteachta cuí (m.sh. spéaclaí sábháilteachta)
- Aon daltaí a fhanann sa scoil tar éis na ngnáthuaireanta scoile, níl cead acu a bheith sa Seomra Innealtóireachta ach amháin má d'iarr an múinteoir orthu a bheith ann nó má tá siad faoi mhaoirseacht múinteora.

### Is gá do gach dalta cloí le rialacha na ceardlainne:

- Cúirtéis agus meas a léiriú do na daltaí eile i gcónaí.
- Na huirlisí láimhe a úsáid i gceart.
- Gan a bheith ag rith sa cheardlann.
- An cheardlann a choinneáil glan.
- Gloiní cosanta a chaitheamh le linn do na hinnill a bheith in úsáid chun na súile a chosaint.
- Gan inneall a úsáid mura bhfuiltear tar éis a thaispeáint duit conas é a úsáid nó mura bhfuil cead agat é a úsáid.
- A bheith ar an eolas faoi shuíomh an bhealaigh éalaithe.
- A bheith ar an eolas faoi shuíomh na múchtóirí dóiteáin.
- Masc a chaitheamh nuair a bhíonn trealamh in úsáid a mbíonn múch á hastú aige.
- Seiceáil go bhfuil sé sábháilte, na huirlisí a úsáid.



- Gruaig fhada a cheangal siar.
- Gan ach duine amháin a bheith ag gach inneall.
- Géilleadh do threoracha uile an mhúinteora.
- A chinntiú nach bhfuil éadaí scaoilte á gcaitheamh

## **An Seomra Ríomhaireachta**

### Nósanna imeachta chun déileáil le contúirtí

- Is gá an Seomra Ríomhaireachta a bheith faoi ghlas nuair nach bhfuil sé in úsáid. Tá an múinteoir ábhartha freagrach as an seomra a chur faoi ghlas ag deireadh gach ranga.
- Nuair nach bhfuil an múinteoir ranga i láthair, ba cheart an rang sin a mhaoirsiú i suíomh éigin eile, áit ar féidir
- Ní ceart na ríomhairí a úsáid ach amháin faoi mhaoirseacht agus faoi threoir an mhúinteora ranga.
- Níl cead ag daltaí dul isteach sa seomra ach amháin má tá múinteoir i láthair.
- Má tá trealamh fabhtach ná trealamh as ord ann, is gá é sin a rá leis an múinteoir láithreach.
- Aon daltaí a fhanann sa scoil tar éis na ngnáthuaireanta scoile, níl cead acu a bheith sa Seomra Ríomhaireachta ach amháin má d'iarr an múinteoir orthu a bheith ann nó má tá siad faoi mhaoirseacht múinteora.
- Níl cead ag na daltaí na ríomhairí a úsáid ach amháin le haghaidh obair a bhaineann leis an scoil.
- Is gá do na daltaí agus an fhoireann ar fad cloí leis an mBeartas TFC

## **Daltaí ag Bogadh Thart**

### Contúirtí:

Fanann na múinteoirí ina ranganna féin, agus ciallaíonn sin go mbíonn na daltaí ag bogadh thart an-chuid i rith an lae. Mar sin d'fhéadfadh go mbeadh brú ann agus go ngortófaí daltaí dá bharr dá dtitfidís.

### Nósanna imeachta chun déileáil le rioscaí:

- Cuirtear ina luí ar na daltaí nach mór dóibh siúl ó rang go rang. Níl cead rith.
- Déantar na daltaí a mhaoirsiú roimh an scoil, ag am sosa, ag am lóin agus díreach tar éis na scoile.
- Chun bogadh thart na ndaltaí a éascú, is gá do na daltaí a bheith i scuaine agus iad ag fanacht ar a rang, mar atá sonraithe.
- Tá limistéir áirithe nach ceart do dhaltaí a málaí scoile a fhágáil iontu.

## **Fearann na Scoile**

### Contúirtí:

Tá roinnt mhaith limistéar ar fhearann na scoile a d'fhéadfadh a bheith contúirteach.

### Nósanna imeachta chun déileáil le rioscaí:

Tá na limistéir seo a leanas coiscthe ar na daltaí:

- Na seomraí ranga (seachas faoi mhaoirseacht múinteora)
- An díon
- Na gléasanna leictreacha uile (seachas má tá leas á bhaint astu faoi mhaoirseacht)
- An gléasra agus trealamh uile
- Seomra stórais an fheighlí

### **Málaí Scoile** Contúirtí:

Má fhágtar málaí scoile in áiteanna míchuí, tá an baol ann go dtitfeadh daoine nó go mbainfí tuisle astu.

### Nósanna imeachta chun déileáil le rioscaí:

- Tá taisceadáin ar fáil d'aon dalta a bhfuil ceann ag teastáil uaidh ná uaithi.
- Ní ceadmhach málaí a bheith i limistéir ina bhfuil siad sa bhealach ar dhoirse nó bealaí éalaithe, nó i limistéir ina mbíonn daoine ag siúl.
- Más ann do racaí, moltar do na daltaí iad a úsáid chun a málaí a stóráil.

### **Eolas Ginearálta**

#### Rialacha maidir le céard le déanamh i gcás timpiste:

Tá sé tábhachtach go bhfanfadh na daltaí socair, go gcuirfidís an múinteoir ar an eolas faoina bhfuil tarlaithe agus go bhfanfaidís ar threoracha ón múinteoir. D'fhéadfadh go ndéarfaí le dalta cabhair a lorg ó oifig na scoile ná ó mhúinteoir eile. Fanfaidh an múinteoir leis an dalta a gortaíodh. Má bhaineann taise don mhúinteoir, ba cheart do dhaltá cabhair a lorg ó oifig na scoile ná ó mhúinteoir eile.

#### Rialacha maidir le céard le déanamh i gcás dóiteáin:

Bíodh na nósanna imeachta maidir le haslonnú i gcás dóiteáin ar taispeáint go soiléir. Is tábhachtach go bhfanfadh na daltaí socair, go bhfágfaidís a gcuid earraí sa seomra ranga agus go seasfaidís in ord i líne faoi threoir an mhúinteora. Má tharlaíonn dóiteáin in aice le dalta, ba cheart don dalta sin an múinteoir a chur ar an eolas láithreach.

## **Aguisín 2 - Garchabhair**

Tá fearais gharchabhrach ar fáil in Oifig an Rúnaí, sna Seomraí Foirgníochta, Innealtóireachta, Eacnamaíocht Bhaile agus Eolaíochta, agus sa Seomra Foirne. Is ann freisin d'fhearais le haghaidh foirne. Má bhíonn cluichí ar siúl, ba cheart an fearas a bhailiú agus a thabhairt ar ais chuig an oifig. Ní mór na fearais a sheiceáil agus a líonadh nuair a theastaíonn sin.

Tá dífhibrileoir ar fáil sa phríomh-halla. In aice leis an dífhibrileoir, beidh liosta na foirne atá oilte ar conas é a úsáid.

## **Aguisín 3 - Prótacail Spóirt**

Tá na daltaí uile faoi árachas mar chuid de scéim árachais na scoile.

- Is gá beirt a bheith in éineacht leis an bhfoireann agus iad ag dul chuig cluichí. Mura féidir clúdach árachais a sholáthar le haghaidh beirt bhall foirne, taistealóidh ball foirne amháin in éineacht le duine fásta eile a bhfuil grinnfhiosrúchán Garda Síochána déanta ina leith agus atá faofa ag Bainistíocht na Scoile.
- Is é an meantóir foirne atá freagrach as fearas garchabhrach a thabhairt chuig gach cluiche.
- I gcás gortú tromchúiseach, beidh an meantóir foirne i dteagmháil láithreach leis an bPríomhoide agus le Tuismitheoirí/Caomhnóirí an dalta atá gortaithe.
- Má tá cóir leighis ag teastáil ar an bpointe chun déileáil leis an ngortú, ba chóir don mhúinteoir teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála agus ba chóir do dhuine de na daoine fásta atá i gceannas, an dalta a thionlacan chuig an ospidéal, agus beirt daltaí in éineacht leo, más féidir. Ba cheart don duine fásta sin fanacht ag an ospidéal leis an dalta nó go sroicheann Tuismitheoir/Caomhnóir nó duine muinteartha eile an t-ospidéal.
- Más gá dochtúir áitiúil a fháil chun breathnú ar an ngortú, ba cheart don mheantóir an dalta a thionlacan chuig an dochtúir a luaithe atá siad ar ais sa scoil, agus fanacht leis an dalta nó go dtagann Tuismitheoir/Caomhnóir nó duine muinteartha eile.
- Má tá Tuismitheoirí/Caomhnóirí an dalta ghortaithe i láthair ag an gcluiche, is féidir leo an dalta a thabhairt chuig an ospidéal/dochtúir más mian leo.
- Aon teagmhas a bhfuil cóir leighis ag teastáil lena aghaidh, ba cheart go ndéanfadh an múinteoir é a thairgeadh i bhFoirm Tuairisc ar Thimpiste tar éis dó/di filleadh ar an scoil.

## **Aguisín 4 - Cógas Ordaithe a Thabhairt**

- Níl cead ag foireann na scoile cógas a thabhairt do dhaltaí ach amháin más gá eipineifrín a thabhairt i gcás frithghníomhú ailléirgeach; is gá cead a bheith faighte ó na Tuismitheoirí/Caomhnóirí lena aghaidh sin roimh ré.

- Ba cheart do Thuismitheoirí/Caomhnóirí an scoil a chur ar an eolas faoi ailléirgí nuair atá an dalta á chlárú nó nuair a thagann ailléirgí den chineál sin chun solais. Is gá go mbeadh cead i scríbhinn faighte roimh ré ó Thuismitheoirí/Caomhnóirí má theastaíonn uathu go dtabharfaí eipineifrín dá mac/iníon.
- Ba cheart aird údarais na scoile a dhíriú ar aon chógas leanúnach atá á thógáil ag dalta, m.sh. cóireáil i dtaca le diaibéiteas nó asma (peann aidreanáilín, análóir srl.).
- Áit ar gá, déanfaidh an scoil cógas ordaithe a stóráil agus cuirfear sin ar fáil don dalta de réir teoracha i scríbhinn ó dhochtúir an dalta. Cinnteoidh an scoil freisin go mbeidh láthair chuí ann inar féidir an cógas a thabhairt don dalta.
- Ba cheart aon chógas a thabhairt in áit phríobháideach nach bhfeicfidh aon duine eile.
- Ní cóir d'aon dalta cógas ordaithe a thógáil in áitreabh na scoile gan an Príomhoide a bheith ar an eolas faoi roimh ré agus gan cead a bheith faighte ón bPríomhoide roimh ré.

## **Aguisín 5 - Iompar**

Is riosca suntasach é go bhfuil na daltaí chomh gar sin do thrácht ar an mbóthar. Tá cuid mhaith prótacal curtha i bhfeidhm chun an riosca sin a laghdú:

- Níl cead ag daltaí feithiclí a thiomáint/a pháirceáil ar áitreabh na scoile.
- Ní théann busanna scoile isteach sa scoil; stopann siad i limistéir shonraithe gar do theorainn fhearann na scoile.
- Níl cead ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí a gcarranna a thiomáint isteach i bhfearann na scoile chun daltaí a fhágáil nó a bhailiú ach amháin má tá sin ceadaithe ag an bPríomhoide i gcúinsí eisceachtúla (m.sh. toisc go bhfuil an dalta ar mhaidí croise nó i gcathaoir rothaí srl.).

## **Aguisín 6 - Prótacal maidir le Freagairt Éigeandála**

- I gcás go dtnáitheann duine, is é an nós atá i bhfeidhm ná an dífhibrileoir a fháil láithreach. Tá dífhibrileoir le fáil lasmuigh den seomra foirne.
- Ba cheart glaoch ar 999.
- Ní mór go dtabharfaí an fhreagairt éigeandála le fios do na daltaí.
- Caithfear suíomh cruinn an teagmhais a shonrú.
- Ní mór duine amháin a ainmniú, a sheasfaidh ag an mbealach isteach chuig an scoil chun bualadh leis an otharcharr agus na daoine muinteartha.
- A luaithe atá teagmháil déanta leis na Tuismitheoirí/Caomhnóirí, ba cheart aon siblíní a fháil go socair óna rang le gur féidir aire a thabhairt dóibh in oifig an Phríomhoide. Ní cóir dóibh dul chuig suíomh an teagmhais ach amháin má thugann an Príomhoide údarú dóibh chun é sin a dhéanamh.

## **Aguisín 7 – Giorrúcháin agus Acrainmneacha**

Ag seo thíos tá liosta de na giorrúcháin agus na hacrainmneacha a úsáidtear sa bheartas seo.

DDL	Teagmhálaí Ainmnithe Tánaisteach
DLP	Teagmhálaí Ainmnithe
GP	Liachleachtóir Ginearálta
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
MUGA	Limistéar Ilúsáide Cluichí
PE	Corpoideachas

### **Aguisín 8 – Plean Aslonnaithe Dóiteáin**



Tá d'aonad  
coimeála  
dóiteáin anseo  
Your fire  
assembly point  
is here